

TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

Bainisteoir Tionscadail FRS Caisleán Na Finne

An Oifig Tionscadail: RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

Ríomhphost: castlefinnfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: <https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs/>

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

CAISLEÁN NA FINNE

Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh. 8
Lúnasa 2022

<https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs>



CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Chnuasaigh an fhoireann tionscadail gach eolas a bhí ar fáil ar thuilte san am a chuaigh thart, ar an chomhshaol áitiúil, ar abhainncheantair, ar thopagrafaíocht, ar thóchair, ar bháisteach agus ar shruth aibhneacha. Tá anailís dhian déanta ar an eolas agus úsáideadh é le samhail ar ríomhaire a dhéanamh a léiríonn Abhainn na Finne agus a fo-aibhneacha. Rinneadh calabrú ar an samhail de réir leithéidí na dtuilte a bhí ann roimhe lena chinntiú go léirítear go cruinn léarscáil de bhaol tuilte sa cheantar. Rinneadh tastáil ar an samhail a fholaíonn réimse leathan imeachtaí tuilte ar a n-áirítear tuilte troma de dheasca athrú aeráide.

Ar shainmhíniú a thabhairt ar bhaol tuilte, rinneadh tastáil ar éifeacht na roghanna éagsúla de na faoisimh thuilte. De thairbhe na hoibre seo, laghdaigh an fhoireann an liosta de na roghanna féideartha sa Scéim agus mheas siad na féidearthachtaí indeánta taobh le hábhair eile - costais, tairbhe, tionchar ar chomhshaol agus tionchar sóisialta.

Tá scagadh ar an rogha is fearr thíos.

An Rogha is Fearr a Fhorbairt

Pléadh roghanna éagsúla le tuilte a bhainistiú a mheas agus rinneadh ar shamhail iad leis an scéim is éifeachtaí a luacháil do Chaisleán na Finne. Rinneadh dianstaidéar ar na beartais fhéideartha uilig agus cuireadh san áireamh na beartais sin agus eile atá i bPlean Bainistiú Riosca Tuilte an Iarthuaiscirt (www.floodinfo.ie). Baineann a thábhacht sin le bheith cinnte go meastar agus go mbunaítear na féidearthachtaí ar fad taobh leis an eolas is fearr atá ann sa dóigh go n-aimsítear an beartas roghnaithe is fiúntaí. Go luath i Samhain 2021 bhí ceardlann theicniúil ann le forbairt roghanna a phlé. Bhí plé oscailte ann le Grúpa Stiúrtha FRS Chaisleán na Finne agus glacadh le roghanna éagsúla taobh le réimse critéar agus diúltaíodh do a lán eile.

Bhí múnlú costas ar na roghanna uilig á meas taobh le costas feadh saoil an deartha. Tá an fhoireann ag obair faoi láthair leis na costais a bheachtú bunaithe ar an eolas margaidh reatha is fearr.

Tá measúnú ar dhochar eacnamaíoch ar réadamhain de chomhair a bheith réidh do FRS Chaisleán na Finne. Léiríonn sé seo an dochar measta / an t-airgead a chaillfead de dheasca tuilte chomh maith leis an sochar féideartha a bhainfeadh leis an scéim a fhad is a mhairfidh sí. Beidh an fiúntas agus an scór eacnamaíoch (Cóimheas Costais is Tairbhe) ag brath ar chóimheas an chostais ar fad a fhad is a mhaireann an scéim agus beidh tionchar aige sin ar roghnú an bheartais.

Tá Anailís II-chritéir ar siúl faoi láthair le fiúntas gach rogha a mheas taobh le cuinsí teicniúla, timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíoch. Rachaidh an anailís seo i bhfeidhm fosta ar an rogha is fearr a ghlacadh agus cinnteofar go measfar tairbhe eile seachas tairbhe eacnamaíoch amháin.

Mar thoradh ar an phróiseas le roghanna a fhorbairt, le hanailís agus scagadh a dhéanamh tá na beartais seo faoi mheas ar fad:

- Cosaintí crua (claífoirt agus ballaí tuilte)
- Uasghrádú tóchar
- Stóráil tuilte
- Áitrimh a athlonnú

Tionóladh ceardlann rannpháirtíochta in Aibreán 2022 leis an bheartas roghnaithe a fhorbairt. I láthair bhí Grúpa Stiúrtha FRS Chaisleán na Finne agus páirthe leasmhara poiblí ábhartha eile san earnáil. Ó shin, tá an t-aiseolas á mheas agus an beartas roghnaithe atá ag teacht chun tosaigh á scagadh bunaithe ar intógthacht, oibriú agus cothabháil, agus oiriúnú d'athrú aeráide agus d'athraithe eile san am atá romhainn.

Measúnú Ar Chomhshaol agus Bainistiú Ionramh Speiceas

Rinneadh measúnú ar an bheartas roghnaithe atá ag teacht chun tosaigh leis an leibhéal de mheasúnú tionchair atá de dhíth a chinntiú. Mheas RPS go mbeidh de dhíth ar an Scéim Measúnú Tionchair ar Chomhshaol (EIA) de réir Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) agus de réir Acht 2001 Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (mar a leasaíodh) agus Measúnú Oiriúnach (AA) le Ráiteas Tionchair Natura de réir Rialachán na bPobal Eorpacha (Gnáthóga Dúlra) (S.I. Uimh. 94 de 1997) faoi Rialachán 31 (Aguisín 1.2). Tá raon na measúnaithe seo á bhunú faoi láthair agus críochnófar sin nuair a bheidh an beartas roghnaithe cinntithe.

Beidh sainsuirbhéanna breise de dhíth, ar nós suirbhéanna sciathán leathair, leis an rogha is fearr atá ag teacht chun tosaigh le tionchar ar chomhshaol a léiriú.

Tá bainistiú ar ionramh speiceas ar siúl ar fad mar chuid den phlean bainistithe d'ionramh speiceas roimh thréimhse na tógála. Tharla an chéad bhabhta den bhainistiú do 2022 i Mí Iúil do ghlúineach bhiorach agus do fheabhrán capaill agus an dara bainistiú do ghlúineach bhiorach sa sceideal do Mheán Fómhair/go luath i Mí Dheireadh Fómhair.



Feabhrán Capaill i gCaisleán na Finne

BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR SCÉIME CAISLEÁN NA FINNE

| | Gníomhaíocht | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
|--------|---------------------------------|------|------|------|------|------|------|------|
| Céim 1 | Bailiú Sonraí agus suirbhéanna | ■ | | | | | | |
| | Anailís Hidreolaíochta | ■ | ■ | | | | | |
| | Anailís Hidrálach | | ■ | ■ | | | | |
| | Anailís agus forbairt na Scéime | | ■ | ■ | ■ | | | |
| Céim 2 | Pleanáil | | | | ■ | ■ | | |
| Céim 3 | Dearadh mionsonraithe na Scéime | | | | | ■ | ■ | |
| Céim 4 | Oibreacha tógála | | | | | | ■ | ■ |
| Céim 5 | An Scéim á hOibriú | | | | | | | ■ |

Tugtar na hamlínte measta is fearr don am i láthair ach féadtar iad a leasú. Cuireadh mí go garbh leis an chlár mar gheall ar chastachtaí breise san anailís. Tá an fhoireann tionscadail ag obair go dícheallach leis an mhoill ar an chlár oibre a mhaolú trí bheith ag díriú ar na féidearthachtaí atá ann le luas tascanna a ghéarú.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Suirbhéanna: Tá na suirbhéanna sonraithe déanta agus tugadh an t-eolas deiridh don Fhoireann Tionscadail. Tá RPS ag plé le suirbhéanna breise le bundearadh scéime a mhúnlú, iniúchadh ar thalamh agus sheirbhísí san áireamh.

Anailís Hidreolaíoch agus Hidrálach: Tá an anailís hidreolaíoch déanta agus tá RPS ag críochnú anailís hidrálach.

Anailís agus Forbairt Scéime: Tá RPS ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an rogha is fearr a shainaithint. Tá RPS ag forbairt tuairiscithe ar Anailís agus Forbairt Scéime ar a n-áirítear tuairisciú breise ar chur i ngníomh beartas do bharrcheantair dhúlra-bhunaithe, intógthacht, oibriú agus cothabháil, agus oiriúnú d'athrú aeráide.

Measúnú ar Chomhshaol: Tá an scóipeáil don Mheasúnú ar Thionchar ar siúl ar fad. Tá sainsuirbhéanna ar chomhshaol leis an EIA a mhúnlú sa sceideal do Fómhar 2022.

Lá Eolais don Phobal: Beidh Lá Eolais don Phobal ann i Mí na Samhna 2022 leis an Rogha Scéime is fearr a chur i láthair an phobail.

Iarratas Pleanála: Go luath ar an bhliain seo chugainn beidh comhairliúchán poiblí reachtúil eile ann mar chuid den phróiseas pleanála. Ina dhiaidh sin, ullmhófar doiciméid don scéim le cur isteach sa chóras pleanála níos faide anonn in 2023.